Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2019**
**(OR. en)**

**5257/19**

| | |
|---|---|
| **COASI 3** | **CLIMA 22** |
| **ASIE 4** | **ENV 51** |
| **CFSP/PESC 39** | **ENER 21** |
| **CSDP/PSDC 25** | **CYBER 14** |
| **RELEX 40** | **DIGIT 11** |
| **COHOM 9** | **DEVGEN 9** |
| **WTO 21** | **COMPET 47** |
| **TRANS 34** | **FIN 52** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5195/19 + 5424/19 |
| Ábhar: | An caidreamh idir an tAontas agus ASEAN<br>- Conclúidí ón gComhairle (21 Eanáir 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus ASEAN, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3668ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar an 21 Eanáir 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus ASEAN

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an toradh a bhí ar chruinniú cheannairí AE-ASEAN sa Bhruiséil ar an 19 Deireadh Fómhair 2018. Is chun fíor-leasa straitéisigh an Aontais Eorpaigh é an caidreamh atá aige le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) a neartú. Is é tiomantas na Comhairle cur leis an gcaidreamh sin in 2019 agus cuireann sí i dtreis go dtacaíonn sí le lánpháirtiú réigiúnach ASEAN.

2. Tá an Chomhairle ag súil go bhféadfar an caidreamh idir an tAontas agus ASEAN a uasghrádú go comhpháirtíocht straitéiseach nuair a chomhaontófar go frithpháirteach é. Tá naisc láidre idir an tAontas agus ASEAN de thairbhe leasanna coiteanna i dtaca leis an ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha a neartú agus maidir le hiltaobhachas éifeachtach. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé naisc trádála agus infheistíochta níos dlúithe a chur chun cinn le ASEAN. Ag meabhrú di go bhfuil sí tiomanta do chomhar slándála níos fearr san Áise agus leis an Áise, athdhearbhaíonn sí freisin an tairiscint uaithi rannchuidiú go suntasach le fóraim a bhaineann le beartas agus slándáil/cosaint atá faoi stiúir ASEAN, lena n-áirítear Fóraim Réigiúnacha ASEAN, cruinniú mullaigh na hÁise Thoir agus cruinniú Airí Cosanta ASEAN+. Tá sí meáite ar chomhar maidir le nascacht a bheadh chun leas an dá thaobh a chur chun cinn i gcomhréir le straitéis an Aontais chun an Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile. Ní mór don Aontas agus do ASEAN oibriú as lámha a chéile chun an caidreamh a bhogadh ar aghaidh go dtí an leibhéal straitéiseach d'fhonn ár leasanna coiteanna a chur chun cinn.

3. Dá bhrí sin, tá súil ag an gComhairle go n-éireoidh leis an gcruinniú aireachta atá ar siúl inniu idir an tAontas agus ASEAN agus a bhfuil clár oibre uaillmhianach ann, lena n-áirítear an caidreamh frithpháirteach, an nascacht idir an tAontas agus ASEAN a chur chun cinn, an comhar polaitiúil agus slándála a fheabhsú, dul i ngleic le hathrú aeráide agus an comhshaol, cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, agus plé cuiditheach ar na príomhdhúshláin atá ann don Eorpa, Oirdheisceart na hÁise agus ar fud an domhain.